

# Tuairisceán Cánach 2021 - Bileog Chabhrach - Foirm 11S

## Faisnéis Ghinearálta

### Cad í Foirm 11S?

Is í an Foirm 11S 2021 an fhoirm Thuairisceáin Cánach níos giorra do dhaoine aonair féinmheasúnaithe. Tá sí bunaithe ar an dTuairisceán Cánach pearsanta príomha (Foirm 11). Fuair tú an fhoirm seo toisc gur chinn na Coimisinéirí loncaim, ar bhonn do chúinsí roimhe seo, gurab í seo an fhoirm thuairisceáin is mó a oireann duit chun d'oibleagáidí cánach a chomhlíonadh.

Mar sin féin mura bhfuil cónaí ort in Éirinn, má bhí foinsí breise ioncaim agat sa bhliain nó má tá faoisimh, liúntais nó creidmheasanna cánach breise á n-éileamh agat, b'fhéidir nach n-oireann an fhoirm seo duit agus beidh ort Foirm 11 a chomhlánú. Tá sí seo ar fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) nó ónár Seirbhís Foirmeacha agus Bileoga Eolais trí ghlaoch ar +353 1 738 3675.

### Níl Cáin loncaim inghearrtha orm – Cén fáth a bhfuair mé Foirm 11S 2021?

Is féidir go bhfuil litir ó na Coimisinéirí loncaim agat ag rá nár ghá duit tuairisceán ioncaim a dhéanamh sna blianta roimhe seo murar iarr d'Oifig Cánach ort é a dhéanamh. Táthar á iarraidh ort anois an Fhoirm 11S 2021 seo a chomhlánú agus a chur ar ais chugainn. Cé gur féidir nár athraigh do chúinsí agus / nó d'ioncam sa mhéid go bhfuil Cáin loncaim inghearrtha ort anois, ní foláir duit an Fhoirm 11S 2021 istigh leis seo a chomhlánú. Eascraíonn impleachtaí tábhachtacha as comhlánú na foirme seo maidir le do ranníocaíochtaí ÁSPC, go háirithe má íocann tú ÁSPC faoi láthair go díreach leis an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi scéim speisialta ÁSPC na Roinne sin le haghaidh daoine féinfhostaithe.

### An féidir liom an Tuairisceán seo a chomhdú Ar-Líne?

Is bealach eile é chun an tuairisceán páipéir seo a chomhlánú, do thuairisceán a chomhdú go leictreonach trínár **Sheirbhís loncaim Ar-Líne (ROS)**. Tugann Foirm 11 ROS na painéil is iomchuí do dhuine aonair a bheadh ag úsáid na Foirme 11S. Ní gá duit ach na painéil sin a bhaineann le do riachtanais a oscailt agus a chomhlánú. Tabharfaidh ROS ríomh láithreach duit ar do dhliteanas cánach ag cur in iúl duit cén méid a bheidh iníoctha ar an 31 Deireadh Fómhair 2022. Is féidir teacht ar ROS trí [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).

### Cén fáth nach bhfuil na líne-uimhreacha i gcónaí seicheamhach i m'Fhoirm 11S?

Is d'aon ghnó atá sé seo amhlaidh. Línte fágtha ar lár as Foirm 11S, feicfear iad i bhFoirm 11 2021.

### Tuairisceán Cánach Maoine Áitiúla

Má chuireann tú an tuairisceán seo isteach in am trátha ach, ag an dáta comhdaithe, theip ort do thuairisceán don Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) a chur isteach nó theip ort ceachtar an CMÁ dlite a íoc nó comhaontú íocaíochta a dhéanamh, is cóir formhuirear a chur leis an ndliteanas deiridh. Dá bhrí sin, is cóir méid na cánach iníoctha i d'Fhéinmheasúnú a mhéadú de 10%. Sa chás go dtugtar staid na cánach maoine áitiúla cothrom le dáta ina dhiaidh sin, beidh méid an fhorhruir srianta ag méid an dliteanais don CMÁ atá i gceist. Chun Cabhair a fháil, tig leat dul i dteagmháil leis an mBrainse CMÁ ar +353 1 738 3626.

### Sonraí Bainc

Ní úsáidfear na sonraí bainc a sholáthraíonn tú ach amháin chun aisíocaíocht cánach atá dlite duit a dhéanamh. Ní dhéanfaidh na Coimisinéirí loncaim aon astarraingt as an gcuntas seo **mura** n-iarrann tú é sin sa chuid Údarás Dochair Aonair sa duillín pá a ghabhann leis seo. Má tá do dhliteanas cánach á íoc agat trí Údarás Dochair Aonair caithfidh tú na sonraí bainc ábhartha atá ar an duillín pá a iontráil, fiú má chuir tú iad isteach cheana.

### Léiriú Amhrais

Soláthraítear i dtuairisceán 2021 saoráid do cháiníocóir chun léiriú amhrais a chur san áireamh faoi Alt 959P ACCán. 1997.

Is amhlaidh atá seo chun fíor-amhras a chur in iúl do na Coimisinéirí loncaim faoi chur i bhfeidhm an dlí nó faoi chóireáil aon ábhair a chuimsítear sa tuairisceán, ar mhaithe le cuspóirí cánach. Ní mór go ndeachaigh tú i gcomhairle leis na bileoga ábhartha go léir de chuid na gCoimisinéirí loncaim agus na treoirlínte go léir atá foilsithe ar ár láithreán gréasáin d'fhonn cóireáil cheart an phointe atá i gceist a dheimhniú.

Is féidir eolas breise a fháil i gCuid 41A.03.00 den Lámhleabhar ar Cháin loncaim, Cáin Gnóthachan Caipitiúil agus Cáin Chorporáide. Tá an lámhleabhar seo ar fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)>TaxProfessionals>Tax and Duty Manuals>Income Tax Capital Gains Tax Corporation Tax>Part 41A.

Níor cheart an bosca 'nochtadh amhrais' a úsáid le haghaidh tuairimí ginearálta agus níor cheart é a úsáid ach don chuspóir a bheartaítear.

### Cá féidir liom breis cúnamh a fháil?

Cabhróidh na nótaí gearra ar an gcéad leathanach eile leat chun na painéil éagsúla sa tuairisceán seo a chomhlánú. Is féidir freisin breathnú san fhoilseachán cuimsitheach **Guide to Completing 2021 Pay & File Self-Assessment Returns** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) nó ó Sheirbhís Foirmeacha & Bileoga na gCoimisinéirí loncaim ar +353 1 738 3675.

**Baineann tagairtí reachtaíochta san Fhoirm 11S seo, le hAilt den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, mura ndeirtear a mhalairt.**

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugtar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

## Notá

### A SONRAÍ PEARSANTA

- 2 Ní foláir an cheist seo a chomhlánú i ngach cás.
- 3 Ní cóir an t-alt seo a chomhlánú ach sa chás gur athraigh do stádas sibhialta pearsanta ag **Líne 2** le linn 2021.
- 4 Comhlánaigh **Líne 4** má bhí tú pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta roimh 1 Eanáir 2021.
- 5 Ní mór i gcónaí na ceisteanna seo a chomhlánú sa chás gur Measúnú Comhpháirteach é do bhonn measúnaithe ag Líne 4 thuas (Tabhair do d'aire: Féadfaidh sé go mbeidh moill ar do Thuairisceán a phróiseáil má loictear an rannán seo a chomhlánú).
- 8 Tá sé tábhachtach na boscaí 'Dáta Breithe' a chomhlánú toisc go bhféadfadh díolúintí, faoisimh, agus liúntais áirithe aois-bhunaithe de leithéidí 'RAC', 'PRSA' chomh maith le creidmheasanna cánach áirithe mar chreidmheas cánach Aoise a bheith dlíte.
- 10 Is í an bhrí atá le 'Buan-éagumasaithe' ná gan a bheith ar chumas duine mar gheall ar éigléocht mheabhrach nó choirp é / í féin achothabháil.

### B IONCAM AS TRÁDÁLACHA

- 108 De ghnáth is éard atá sa bhrabús inmheasúnaithe ná an glanbhrabús (coigeartaithe d'aon suimeanna curtha ar ais neamhcheadaithe) ó do thréimhse chuntasaíochta a chríochnaigh in 2021. I gcúinsí áirithe, áfach, sa chás, mar shampla, go dtosaíonn nó go scoirtear do ghnó le linn 2021, is éard atá sa bhrabús inmheasúnaithe ná an brabús don bhliain féilire 2021.
- 109 Soláthraítear faoiseamh sa **Scéim um Bunaigh do Ghnó Féin** ó Cháin Ioncaim do dhaoine aonair atá dífhostaithe go fadtéarmach agus a bhunaíonn gnó úr. Soláthrófar díolúine ó Cháin Ioncaim suas le €40,000 ar a mhéad in aghaidh na bliana ar feadh tréimhse 24 mhí sa scéim do dhaoine a chuireann gnó cáilitheach ar bun; ní mór díobh a bheith dífhostaithe ar feadh 12 mhí ar a laghad sular mbunaíonn siad an gnó. **Ní bhaineann an faoiseamh i leith Bunaigh do Ghnó Féin ach le Cáin Ioncaim; ní shíneann sé go dtí MSU agus ÁSPC. Beidh MSU agus ÁSPC iníoctha ar bhrabús ar bith a thuillfead sa ghnó úr.**
- 121 Má chríochnaíonn do thréimhse chuntasaíochta ar dháta seachas an 31 Nollaig, tugtar creidmheas i leith cánach iarchoimeáda bunaithe ar an gcáin iarchoimeáda a asbhaineadh le linn na tréimhse cuntasaíochta (.i. an bhonn-tréimhse do 2021). Ná breac isteach Cáin Chonarthaí Iomchuí ná aon chineál eile cánacha ag **Líne 121**.

### C IONCAM CÍOSA ÉIREANNACH

- Bíonn eolas ar chíosanna a fhaightear agus speansais a thabhaítear á ngabháil faoi dhá cheannteideal ar leith.
- Maoin Chónaithe
  - Maoin tráchtála, talamh agus gach foinse eile d'ioncam cíosa Éireannach.
- 204-215 Má tá níos mó ná maoin amháin ligthe ar cíos agat, is cóir duit ríomh ar leithligh a ullmhú ar ioncam cíosa as gach maoin agus é a choinneáil. Ná bhreac isteach aon ioncam atá díolmhaithe faoin scéim Ligean-Seomra agus atá breac isteach ag **Líne 415(a)**.
- Má éiríonn aisghlámadh Faoisimh 'Alt 23' is é a bheith san aisghlámadh ná Faoiseamh Iomlán 'Alt 23' a deonaíodh agus is cóir é a áireamh mar 'Cíos Comhlán Infhaighte' ag **Líne 204**.

### D FOSTAÍOCHT / PINSEAN

#### CUID A hAON

Sa rannán seo, déanann tú tuairisceán ar d'ioncam go léir a bhí faoi réir ÍMAT.

- 220 Ní mór pá fostaíochta, mar shampla, pá comhlán lúide ranníocaíochtaí aoisliúntais ar bith atá ceadaithe chun críocha cáin ioncaim, a chur isteach ar **Líne 220**.
- 221 Caithfidh tú ceann amháin de na catagóirí atá liostaithe ó (a), (g,) (h), (i), nó (j) a roghnú. Tá sé tábhachtach an fhoinsé cheart ioncaim a roghnú, ós rud é go mbeidh tionchar aici seo ar na faoisimh is féidir leat a éileamh i gcodanna eile den tuairisceán.
- 222(b) Caithfidh tú tic a chur  sa bhosca seo má d'aisíoc d'fhostóir cáin a asbhaineadh i rith fostaíocht eile roimhe seo. Ní mór aisíocaíocht ÍMAT a rinne na Coimisinéirí Ioncaim a chur isteach ar **Líne 231**.

#### CUID A DÓ

Sa rannán seo, déanann tú tuairisceán ar ioncam íoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, costais fostaíochta agus sonraí Cánach Ioncaim agus MSU a aisíocadh le linn na bliana.

- 231 Ciallaíonn cáin aisíochta aisíocaíocht chánach ÍMAT ar bith a bhí déanta leat, idir 1 Eanáir 2021 agus 31 Nollaig 2021, ag na **Coimisinéirí Ioncaim**, agus í bainteach leis an mbliain mheasúnachta 2021. Ná cuirtear 'aisíocaíochtaí' a dhéantar tríd an bpárolla isteach anseo. Caithfead iad a chur isteach ar **Líne 222**.
- 232 Is éard is cáin ÍMAT ghearríochta ann ná méid cánach ar bith a bhí gearríochta agus a raibh sé mar thoradh air gur laghdaíodh do chreidmheasanna cánach. Is féidir an t-eolas seo a fháil ó do Dheimhniú Creidmheasanna Cánach. Cuir an méid isteach ar **Líne 232**.

**238(b)** Caithfidh speansais a éilítear anseo a bheith tabhaithe go hiomlán, go heisiach agus go riachtanach i gcur i gcrích do chuid dualgas. Má úsáideann tú do charr, mar shampla, seans go bhfuil tú i dteideal costais tiomána a éileamh. Ní féidir leis an méid speansas ceadaithe a bheith níos mó ná an t-ioncam ÍMAT.

**241** Caithfear Liúntas Cúramóra a chur isteach ar **Líne 241**.

**243** Caithfear gach íocaíocht eile inchánach leasa shóisialaigh a chur le chéile agus iad a thuairisciú mar fhigiúr amháin ar **Líne 243**.

Áirítear i bpinsin Leasa Shóisialaigh méid bunúsach móide méid breise sa chás go bhfuil cleithiúnach aosaithe ag an éilitheoir. Breac isteach an méid iomlán (.i. an méid bunúsach móide an méid breise do chleithiúnach aosaithe):

- Sa cholún 'Tú Féin' más é/í do chéile nó pháirtneir sibhialta an cleithiúnach chun críocha leasa shóisialaigh. Sa chás sin tá an creidmheas ÍMAT ag dul duit.
- Sa cholún 'Do Chéile nó Pháirtneir Sibhialta' más tusa an cleithiúnach chun críocha leasa shóisialaigh. Sa chás sin tá an creidmheas ÍMAT ag dul do do chéile nó pháirtneir sibhialta.

## **E IONCAM COIGRÍCHE**

Má tá foinsí Ioncaim Choigríche agat is cóir duit tuairisciú ar líne trí ROS nó Foirm 11 a chomhlánú.

## **F IONCAM EILE**

**402** Áirigh anseo Stoic Rialtas na hÉireann, Billí Stáitchiste agus iasachtaí agus infheistíochtaí eile a eascraíonn sa Stát.

## **G IONCAM DÍOLMHAITHE**

**415(a)** Sa chás go bhfuil tú ag baint leas as an bhFaoiseamh i leith Seomra a Ligean ar Cíos), sonraigh an tloncam ó Chíos comhlán a fuarthas in 2021 maidir le seomra(seomraí) in "Áit Chónaithe Cháilitheach". Maidir le suimeanna ag eascraíocht chuig duine aonair i ndáil le seomra nó seomraí i dteach an duine sin a ligean ar cíos, chun críocha cónaitheacha, lena n-áirítear suimeanna, mar shampla, ó ligin chuig mic léinn ar feadh bliain acadúil, agus soláthar béilí nó seirbhísí eile a sholáthraítear i ndáil leis an ligean, féadfaidh sé go bhfuil siad díolmhaithe ó cháin ioncaim sa chás go gcomhlíonann siad na coinníollacha agus go bhfuil siad faoin teorainn bhliantúil €14,000 do 2021. Níl díolúine i gceist le hioncam ó lóistín d'aíonna a chur ar fáil do chuireoirí ócáideacha ar feadh tréimhsí gearra. Féadtar mioneolas ar choinníollacha an fhaoisimh a fháil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag **www.revenue.ie** Creidmheasanna cánach pearsanta, faoisimh agus díolúintí - Ioncaim dhíolmhaithe.

**416** Ní mór do d'ioncam comhlán (roimh costais) le haghaidh 2021 ó sholáthar Seirbhísí Cúram Leanaí a bheith faoi bhun €15,000, tá an t-ioncam díolmhaithe ó cháin. Le comhlánú na líne seo tá roghnú á dhéanamh agat do dhíolúine do 2021 agus is gá é a dhéanamh ar nó roimh an 31 Deireadh Fómhair 2022.

## **H MUIRIR AGUS ASBHANTÍ**

**503** Tagraíonn íocaíochtaí cothabhála anseo d'íocaíochtaí a dhéanann duine scartha/colscartha ar mhaithe le céile nó páirtneir sibhialta faoi shocrú is infheidhmithe go dlíthiúil, .i. Gníomhas Scartha/Riail na Cúirte, srl.

## **I ÉILEAMH AR CHREIDMHEASANNA CÁNACH, LIÚNTAIS AGUS FAOISIMH, SRL**

**514(a)** Is é €1,600 uasmhéid an chreidmheasa cánach do Chúramóir Baile don bhliain 2021. Laghdaítear an méid sin de leath méid ioncaim an chúramóra baile atá níos mó ná €7,200. Mar sin, níl creidmheas ar bith dlíte más mó ioncam an chúramóra baile ná €10,400.

**515** Is ceadmhach creidmheas cánach fostaí a bheith éilithe ag fostaithe agus stiúrthóirí neamhdhílithe a íocann cáin faoin gcóras ÍMAT. Anuas air sin, cáilíonn daoine a fhaigheann pinsean leasa shóisialaigh Éireannach, pinsean leasa shóisialaigh a bhíonn faighte ó bhallstát eile den AE ag cónaitheoir Éireannach, agus cónaitheoirí Éireannacha a oibríonn thar lear agus a íocann cáin faoi chóras de chineál ÍMAT, cáilíonn siad le haghaidh an chreidmheasa chánach d'fhostaí. Fiú sa chás go bhfuil tú ag baint leasa as an gcreidmheas cánach fostaí ó d'fhostóir, caithfidh tú ☒ a chur isteach sa bhosca má tá tú ag éileamh an chreidmheasa seo.

**516** Beidh daoine féinfhostaithe agus stiúrthóirí dílseanaigh nach bhfuil cáilithe den chreidmheas cánach d'Fhostaithe, in ann an creidmheas cánach i leith Ioncam arna Thuilleamh a éileamh.

**517** Féadtar Creidmheas Cánach na nDall a éileamh má tá tú féin nó do chéile dall ag am ar bith le linn 2021.

**518** Féadfaidh daoine a dteastaíonn madra seirbhíse traenáilte nó madra cúnaimh uathu an creidmheas seo a éileamh. Teastóidh ráiteas ón eagraíocht a chuir an madra ar fáil agus é a chur in éineacht le do chéad éileamh. Féach **www.revenue.ie** le haghaidh tuilleadh eolais.

**519** Féadtar creidmheas cánach uasta de €245 a éileamh má tá gaol cleithiúnach á chothú agat. Níl aon fhaoiseamh dlíte sa chás gur mó ioncam an ghaoil ná €15,740 in 2021, nó má tá duine eile ag éileamh an chreidmheasa cánach seo ina iomláine.

**521** Creidmheas Cánach Fan agus Caith

Ligeann an scéim Fan agus Caith duit éileamh a dhéanamh i leith caiteachas cáilitheach a thabhaítear idir an 1 Eanáir agus 30 Aibreán 2021. Baineann caiteachas cáilitheach le suimeanna a chaitheann tú ar lóistín agus bia le soláthraithe seirbhíse cláraithe (a bhfuil sonraí ina leith liostaithe ar **www.revenue.ie**). Le haghaidh tuilleadh eolais féach **www.revenue.ie**.

- 526** Táillí Teagaisc cáilitheacha íoctha sa bhliain acadúil 2021 le Coláistí Faofa le haghaidh Cúrsaí Faofa nó Cúrsaí Oiliúna Faofa. Is í an bhliain acadúil 2021 ná an bhliain staidéir a thosaíonn ar nó tar éis 1 Lúnasa 2021. **Ná háirigh táillí scrúduithe.**
- 527** Más mian leat éileamh a dhéanamh le haghaidh breis agus beirt leanaí, ceangail an fhaisnéis chuí le haghaidh gach leanbh breise.
- 531** Má bhain tú leas as an nDreasacht Athchóirithe Tí (DAT) ní mór duit do chreidmheas cánach DAT a éileamh trí DAT ar líne. Níl i gceist leis an gcreidmheas cánach DAT a áireamh ar an bhFoirm 11S 2021 ach chun creidmheas sa mhéid seo a thabhairt duit chun do dhliteanas cánach a ríomh, chun cuidiú leat féinmheasúnú a dhéanamh. Ann féin, ní héileamh bailí é le haghaidh creidmheas cánach DAT.
- 541 & 548** Asbhain suimeanna faighte/infaighte, de leithéid aisíocaí á n-éileamh ó d'Oifig Sláinte áitiúil i dtaca le Drugaí / Cógais ar Oideas Dochtúra, faoi pholasaí árachais sláinte ó árachóir liachta údaraithe agus / nó faoi théarmaí éilimh ar chúiteamh, srl.

## **L GNÓCHAIN CHAIPITIÚLA - Gnóchain Chaipitiúla don bhliain 1 Eanáir 2021 - 31 Nollaig 2021**

Má dhiúscair tú sócmhainní inmhuirir le linn 2021, tabhair na sonraí atá ag teastáil i bPainéal L. Cé gur cóir an Cháin Ghnóchan Caipitiúil atá dlite ar ghnóchain as na diúscairtí seo a bheith íoctha cheana, ní mór duit an chuid seo den Tuairisceán a chomhlánú.

## **O FÉINMHEASÚNÚ DÉANTA FAOI CHAIBIDIL 4 DE CHUID 41A**

Chomh maith le d'fhoirm bhliantúil tuairisceáin ioncaim – an Fhoirm 11S – a chomhlánú, ní mór duit féinmheasúnú a dhéanamh i leith na bliana 2021. Chun an féinmheasúnú seo a dhéanamh, comhlánaigh an rannán féinmheasúnaithe ar an bhFoirm 11S. Mura ndéanann tú an féinmheasúnú seo, féadfaidh sé go ndlífear pionós €250 a ghearradh ort.

Mar sin féin, níl ort an féinmheasúnú seo a dhéanamh má chuireann tú an Fhoirm 11S chomhlánaithe ar ais chuig an seoladh atá ar leathanach 1 ar nó roimh an 31 Lúnasa 2022. Má chomhdaíonn tú do thuairisceán comhlánaithe ar nó roimh an dáta sin, déanfaidh na Coimisinéirí loncaim féinmheasúnú ar do shonsa.

Má dhéanann tú féinmheasúnú tú féin, ní mór duit, i dteannta leis an dearbhú ar leathanach 1 den Fhoirm a shíniú, an dearbhú sa bPainéal féinmheasúnú a shíniú chomh maith. Mura shíníonn tú an dearbhú seo, ní bheidh féinmheasúnú déanta agat.

Nuair atá tú ag comhlánú an phainéil fhéinmheasúnaithe, tabhair aire dóibh seo a leanas:

- 936(a)** Seo an méid loncaim lomlán don tréimhse seo roimh asbhaintí nó liúntais.
- 936(b)(i)** Seo an méid cánach ioncaim inmhuirearaithe tar éis aon asbhaint, fhaoiseamh nó liúntas a thabhairt san áireamh.
- 936(b)(ii)&(iii)** Seo an méid MSU inmhuirearaithe; nótaíl gur cóir MSU duit féin agus don chéile nó pháirtneir sibhialta a bhreacadh síos ar leithligh.
- 936(b)(iv)&(v)** Seo an méid ÁSPC inmhuirearaithe; nótaíl gur cóir ÁSPC duit féin agus don chéile nó pháirtneir sibhialta a bhreacadh síos ar leithligh.
- 936(b)(vi)** Seo an tsuim Chánach loncaim, MSU, agus ÁSPC inmhuirearaithe.
- 936(c)(i)** Seo an méid cánach iníoctha don tréimhse seo, a ríomhtar tríd an méid cánach inmhuirearaithe a laghdú de mhéid aon chreidmheasa cánach atá dlite, ach roimh aon aisíocaíocht nó fhritháireamh ar cháin iarchoimeádta ag an bhfoinse atá déanta ag na Coimisinéirí loncaim cheana féin a chur san áireamh.
- 936(c)(iii)** Ba chóir méid aon aisíoca ar cháin iarchoimeádta ag an bhfoinse (m.sh. aisíoc eatramhach ar Cháin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla (PSWT)) a bhreacadh isteach anseo.
- 936(d)&(e)** Seo an méid cánach iníoctha, coigeartaithe le haghaidh aon aisíocaíocht nó fhritháireamh ar cháin iarchoimeádta ag an bhfoinse atá déanta cheana féin ag na Coimisinéirí loncaim.
- 936(f)** Má chomhdaíonn tú an tuairisceán seo tar éis an 31 Deireadh Fómhair 2022 ní mór duit formhuirear um chomhdú déanach a áireamh le d'fhéinmheasúnú. Is 5% de do dhliteanais chánach é an formhuirear seo nuair a chuirtear an tuairisceán isteach laistigh de dhá mhí, seachas sin, is 10% é. Ríomhtar an formhuirear seo ar an méid cánach iníoctha thuas.
- 936(g)** Má chuireann tú an tuairisceán seo isteach in am trátha ach, ag an dáta comhdaithe, theip ort do thuairisceán don Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) a chur isteach nó theip ort ceachtar den íocaíocht don CMÁ a dhéanamh nó comhaontú íocaíochta a dhéanamh, is cóir formhuirear a chur leis an dliteanas deiridh amháil is dá mbeadh an tuairisceán seo déanach de thréimhse dhá mhí nó os cionn.
- 936(h)(i)** Go ginearálta, seo an méid réamhchánach íoctha do 2021.
- 936(i)(i)&(ii)** Cuir isteach iarmhéid aon chánach iníoctha / ró-íoctha don tréimhse seo sa réimse cúí.

**Cuimhnigh:** Ní caithfidh tú an painéal féinmheasúnaithe a chomhlánú má chuireann tú an tuairisceán seo isteach chuig na Coimisinéirí loncaim ar nó roimh an 31 Lúnasa 2022. Mura gcuireann tú an Fhoirm 11S seo isteach faoin dáta seo féadfar pionós €250 a ghearradh ort mura gcomhlánaíonn tú an chuid fhéinmheasúnaithe den fhoirm sin.